# Cearta Leanaí chun Cultúir: Athrú Paraidíme

*Le Maria Corbett*



An bhfuil ceart ag leanaí cultúr agus na healaíona a rochtain? An bhfuil ceart ag leanaí a gcultúr féin a chruthú? Cén ról atá ag an oideachas le cearta cultúrtha leanaí a chomhlíonadh? Is ceisteanna suimiúla agus dúshlánacha iad sin nár tugadh mórán airde orthu go dtí seo in Éirinn.

Go traidisiúnta chonacthas leanaí mar mhaoin a dtuismitheoirí, soithigh fholmha lena líonadh eolas iontu nó aonaid eacnamaíochta teaghlaigh agus tugadh neamhaird ar shúgradh leanaí agus gníomhaíochtaí ealaíon, iad feicthe mar chur amú ama gan tairbhe. Athraíodh ó bhonn, áfach, ár gcoincheap de leanaí agus den óige le tríocha bliain anuas, go háirithe le glacadh Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh in 1989.

Ráiteas cuimsitheach ar chearta leanaí is ea an Coinbhinsiún agus is é an conradh idirnáisiúnta is mó a dhaingnítear. Cuimsítear réimse leathan ceart ann lena n-áirítear an ceart chun sláinte, oideachais, saol teaghlaigh, caighdeán sásúil maireachtála agus a bheith cosanta ó mhí-úsáid agus ó dhíobháil. Forálann an Coinbhinsiún go soiléir freisin go bhfuil ceart ag leanaí chun saol cultúrtha agus chun na n-ealaíon.

Faoin gCoinbhinsiún, feictear an leanbh mar shealbhóir ar chearta an duine aonair. Tugtar isteach an coincheap den fhorás linbh mar a théann sé nó sí in aois agus in aibíocht. Is gníomhaí gníomhach é an leanbh ina shaol féin. Tá sé nó sí i dteideal éisteacht agus meas a fháil agus go mbeidh níos mó neamhspleáchais acu i bhfeidhmiú na gceart, le linn a bheith i dteideal cosanta freisin. Faoin bparaidím nua seo, is tábhachtach iad saol agus taithí leanaí anois. Meastar leanaí mar 'atá' siad in áit mar 'a bheidh' siad agus iad ina ndaoine fásta.

Agus is é an dea-scéal ná go bhfuil Éire rannpháirteach sa phobal idirnáisiúnta seo a bhfuil cearta leanaí á dtacú aige. Dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh in 1992, dá bhrí sin cuireadh dualgas ar Stát Éireann seasamh lena fhorálacha. Caithfear, áfach, an Coinbhinsiún a thabhairt isteach inár ndlíthe agus beartais náisiúnta sa chaoi go mbeadh sé ina cheangal agus gurbh fhéidir breithiúnas a dhéanamh air sna cúirteanna. Rinneadh cuid mhór dul chun cinn go dtí seo chun an Coinbhinsiún a chur i gcrích in Éirinn, lena n-áirítear an leasú bunreachta 2012 ar leanaí agus athchóiriú reachtaíochta i réimse an dlí teaghlaigh agus ceartas an aosa óig. Mar sin féin, tá níos mó de dhíth le cinntiú go bhfuil a gcearta cultúrtha á gcur i gcrích ag leanaí in Éirinn.

I measc 41 airteagal an Choinbhinsiúin, aithnítear ceithre acu mar phrionsabail ghinearálta atá lárnach chun gach ceart an Choinbhinsiúin a léirmhíniú agus a chomhlíonadh. Áirítear leo sin ceart gach linbh sult a bhaint as a gcuid ceart gan idirdhealú; ceart gach linbh chun marthanais agus forbartha a mhéid is féidir; tabharfar tús áite do leas an linbh i ngach gníomh a bhaineann leo; agus ceart gach linbh a bhfuil cumas acu teacht ar thuairim go n-éistfear lena dtuairimí in ábhair a bhaineann leo.

Tá tábhacht faoi leith ag baint le dhá airteagal an Choinbhinsiúin i gcás gníomhaíochtaí cultúrtha agus na n-ealaíon san oideachas. Forálann Airteagal 31 do cheart an linbh a bheith rannpháirteach sa saol cultúrtha agus ealaíon agus forálann Airteagal 29 go n-áirítear le haidhmeanna an oideachais an fhorbairt is mó is féidir a dhéanamh ar phearsantacht, ar bhuanna agus ar chumais an linbh.

I ráiteas láidir agus uaillmhianach, forálann Airteagal 31 an Choinbhinsiúin go:

> *1. Aithníonn Stát-Pháirtithe ceart an linbh scíth agus fóillíocht a bheith aige nó aici, a bheith páirteach in imeachtaí súgartha agus caitheamh aimsire atá oiriúnach dá n-aois agus a bheith rannpháirteach sa saol cultúrtha agus sna healaíona.*
> *2. Tabharfaidh Stát-Pháirtithe urraim do, agus cuirfidh siad chun cinn ceart an linbh a bheith iomlán rannpháirteach sa saol cultúrtha agus ealaíon agus spreagfaidh siad soláthar do dheiseanna cuí agus comhionanna do ghníomhaíochtaí cultúrtha, ealaíon, caitheamh aimsire agus áineasa.*

Áirítear leis an gceart seo ceart an linbh imeachtaí cultúrtha agus ealaíon a rochtain chomh maith leis an gceart leanaí tabhairt faoi imeachtaí mar sin leo féin. D'fhéadfadh leanaí a bheith ina dtomhaltóirí agus ina léiritheoirí maidir leis na healaíona agus cultúr.

Bunaíodh Coiste na NA um Chearta an Linbh - grúpa de 18 saineolaí idirnáisiúnta - chun monatóireacht agus cur chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin. Mar fhreagairt ar aitheantas lag a thug Stáit ar na cearta in Airteagal 31, leag an Coiste amach treoir do chur i bhfeidhm an chirt seo i gcáipéis ar a dtugtar 'Trácht Ginearálta Uimh. 17'. Foráiltear leis gur chóir Airteagal 31 'a thuiscint go hiomlánaíoch...' agus go:

> *Nasctar agus athneartaítear ar a chéile gach mír in airteagal 31, agus iad curtha i gcrích, saibhrítear saol na leanaí. Le chéile, déantar leo cur síos ar choinníollacha riachtanacha chun nádúr agus forás ar leith na hóige a chosaint. Tá a gcur i gcrích ríthábhachtach do chaighdeán na hóige, do theideal leanaí chuig an bhforbairt is fearr, do chur chun cinn acmhainneachta agus do chur i gcrích cearta eile.*

Is príomhdhúshlán é chun ceart ar bith an Choinbhinsiúin a chur i bhfeidhm ná áirithiú go mbainfidh gach leanbh leas as. Aibhsíonn an Coiste a imní i dTrácht Ginearálta Uimh. 17 go bhfuil deacrachtaí ag roinnt grúpaí sult a bhaint as Airteagal 31, go háirithe 'cailíní, leanaí bochta, leanaí atá faoi mhíchumas, leanaí dúchasacha, leanaí a bhaineann le mionlaigh'. Ceist le plé sa todhchaí is ea an bhfuil rochtain réasúnta ag gach leanbh in Éirinn ar imeachtaí cultúrtha agus ealaíon? Céard iad na bacainní atá ann? An bhfuil rochtain ag mionlaigh amhail Duine den Lucht Siúil, Romacha agus leanaí sa chóras soláthair dhírigh ar ghníomhaíochtaí mar seo?

Chuir an Coiste síos roinnt buntáistí ar leith do chomhlíonadh Airteagal 31. Ina Thrácht Ginearálta Uimh. 9 luaitear gur gá amharc ar ghníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíon i gcás leanaí atá faoi mhíchumas 'mar mheán léirithe agus mar mheán le caighdeán sásúil maireachtála a chur i gcrích'. I dTrácht Ginearálta Uimh. 17, luadh gur 'gné thábhachtach í rannpháirtíocht i saol cultúrtha pobail agus muintearas leanaí i gceist.'

Déanann an Coiste cur síos ar leanaí ar an dóigh a bhfuil cultúr atáirgthe, athraithe ó bhonn, cruthaithe agus curtha ar aghaidh acu. Aistríonn agus cuireann siad in oiriúint a chiall trína gcuid taithí glúine féin agus tá siad ar thús cadhnaíochta le meáin nua dhigiteacha agus fhíorúla a chur ar bun. Trí rannpháirtíocht an linbh i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíon cuireann siad lena dtuiscint, ní amháin ar a gcultúr féin, ach ar chultúir eile ar an gcaoi sin cuirtear siad leis an gcomhthuiscint agus leis an léirthuiscint atá acu don éagsúlacht. Agus muid ag streachailt le meabhairshláinte agus folláine leanaí a thacú is tábhachtach é freisin

Formhuiniú an Choiste gurb é tríd an saol cultúrtha agus trí na healaíona a léiríonn leanaí agus a bpobail a bhféiniúlacht ar leith agus an chiall a thugann siad dá marthanas, agus a gcruinneshamhail a chruthú lena léirítear a dtaithí le fórsaí seachtracha a théann i bhfeidhm ar a gcuid saol. Déantar leis na buntáistí seo, chomh maith le luach intreach na n-ealaíon, argóint an-láidir i gcomhair infheistíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus oireann siad go mór dár n-uaillmhianta náisiúnta d'Éirinn a bheith nua-aoiseach, ilghnéitheach agus inniúil go digiteach.

Cuireann Airteagal 31 dualgas ar an Stát soláthar do dheiseanna cuí agus comhionanna a spreagadh do ghníomhaíochtaí cultúrtha, ealaíon, caitheamh aimsire agus fóillíochta. Tá níos mó i gceist leis seo ná siamsaíocht a chur ar siúl do leanaí. Is éard atá i gceist ná dul i dteagmháil agus i gcomhairle go díreach le leanaí agus tacú le coimisiúnú agus taispeántas shaothar ealaíon na leanaí.

Tá airteagail an Choinbhinsiúin doroinnte agus spleách ar a chéile. Dá bhrí sin, ba chóir go léifí Airteagal 31 taobh leis na treoirphrionsabail – airteagal 2 (neamh-idirdhealú), airteagal 3 (leasanna is fearr), airteagal 6 (marthanas agus forbairt) agus airteagal 12 (tuairim an linbh) – agus cearta eile amhail airteagal 13 (saoirse tuairimí a nochtadh), airteagal 15 (saoirse comhlachais), airteagal 17 (rochtain ar na meáin agus ar leabhair leanaí) agus airteagal 30 (sult a bhaint as cultúir mhionlaigh). Is léir go bhfuil cur i bhfeidhm Airteagal 31 nasctha le cur i gcrích Airteagal 29 (aidhmeanna an oideachais). Foráiltear ceart linbh chun oideachais faoi Airteagal 28 ach i mbreis nuálach, leagtar amach in Airteagal 29 aidhmeanna an oideachais sin le fís don oideachas atá leanbh-lárnach agus cumasaithe a chruthú.

Forálann Airteagal 29 go mbeidh oideachas an linbh dírithe ar 'An bhforbairt is mó is féidir a dhéanamh ar phearsantacht, ar bhuanna agus ar chumais fhisiciúla agus éirime an linbh'. Áirítear freisin leis mar aidhmeanna 'an fhorbairt urraime do chearta daonna', 'an timpeallacht nádúrtha', agus 'féiniúlacht chultúrtha, teanga agus luachanna', agus don ullmhúchán do 'shaol freagrachta i sochaí ina bhfuil saoirse, i spiorad na tuisceana, na síochána, na caoinfhulaingthe, an chomhionannais idir fir agus mná, agus an cairdeas idir gach cineál dreama agus grúpa eitneach'. I dTrácht Ginearálta Uimh. 1, pléann an Coiste go mion ar Airteagal 29 ag lua gurb é aidhm an oideachais ná 'an leanbh a chumasú trína scileanna, foghlaim agus cumais eile, dínit an duine, féinmheas agus féinmhuinín a fhorbairt.'

Tá creatlach ann cheana féin chun na healaíona san oideachas a thacú. Cuireann Alt 9(F) den Acht Oideachais 1998 ar chumas na scoileanna forbairt 'na healaíona agus nithe cultúrtha eile' a chur chun cinn, agus foráiltear le hAlt 9(a) agus (b) den Acht Ealaíon 2003 gurb iad feidhmeanna na Comhairle Ealaíon ná suim phoiblí a spreagadh sna healaíona agus eolas, dea-mheas agus cleachtadh na n-ealaíon a chur chun cinn. Leagann Cairt na nEalaíon san Oideachas 2012, a d'fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, treoirphlean síos chun gnímh.

I 2014, seoladh an straitéis leantach don Straitéis Náisiúnta Leanaí – Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014–2020. Leagtar amach leis sin treochlár uaillmhianach lena mbaintear amach cúig thoradh náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga suas go dtí 24 bliain d'aois in Éirinn. Laistigh den Chreatlach, aithníonn an Rialtas: 'Má nochtaítear ealaín agus cultúr go duine go luath agus go leanúnach cuirtear síos bunsraith dhearfach don chruthaíocht, ar eilimint bhunriachtanach í don smaointeoireacht chriticiúil agus don nuálaíocht.' Ina theannta sin, tiomnaíonn sé 'Rochtain níos mó a chumasú ar spóirt, ar ealaíona agus ar chultúr do gach leanbh agus do gach duine óg, lena n-áirítear trí éascú comhoibrithe idir eagraíochtaí spóirt, óige, ealaíon agus cultúrtha agus scoileanna agus réamhscoileanna le taithí oideachasúil an duine a shaibhriú.' (Ceangaltas 1.14)

Cuireann cláir éagsúla na n-ealaíon san oideachas, a eagraítear ar fud na tíre, ról ríthábhachtach i gcrích lena dtugtar meas ar, lena gcosnaítear agus lena gcomhlíontar ceart an linbh chun gníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíon faoi Airteagal 31 agus lena gcothaítear agus lena dtreisítear buanna agus cumais leanaí mar is gá faoi Airteagal 29 (aidhmeanna an oideachais). Mar sin féin, tá taighde de dhíth le measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na hÉireann maidir lena dualgais a chomhlíonadh faoi Airteagal 31 agus Airteagal 29 araon. An bhfuil acmhainní leordhóthanacha á gcur ar fáil do na cláir seo? An bhfuil roinnt leanaí á n-eisiamh? I bhfianaise na gceart a fhoráiltear faoin gCoinbhinsiún agus buntáistí aitheanta na n-ealaíon do leanaí, ní mór dúinn ár dtacaíocht a neartú do ghníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíon leanaí ar fud na tíre, ag cur béim ar leith ar leanaí atá imeallaithe agus atá faoi mhíbhuntáiste.

***Tagairtí:***

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (2012) Cairt na nEalaíon san Oideachas, http://artsineducation.ie/wp-content/uploads/Arts-In-Education- Charter1.pdf

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2014) Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014–2020, Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

Coiste na NA um Chearta an Linbh (2001) Trácht Ginearálta Uimh. 1, Aidhmeanna an Oideachais, (CRC/GC/2001/1). An Ghinéiv: Na Náisiúin Aontaithe.

Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) Trácht Ginearálta Uimh. 9 archearta na leanaí atá faoi mhíchumas (CRC/C/GC/9/Corr.1). An Ghinéiv: Na Náisiúin Aontaithe.

Coiste na NA um Chearta an Linbh (2013) Trácht Ginearálta Uimh. 17 ar cheart an linbh scíth, fóillíocht, súgradh, caitheamh aimsire, saol cultúrtha agus na healaíona a bheith aige nó aici (airt 31) (CRC/C/GC/17). An Ghinéiv: Na Náisiúin Aontaithe.

Comhthionól Ginearálta na NA, Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, A/RES/44/25 de 20 Samhain 1989, 1577 UNTS 3.

UNICEF (2007) Lámhleabhar Cur chun feidhme Choinbhinsiún um Chearta an Linbh, An Ghinéiv: UNICEF.

Is féidir Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh a léamh ina iomláine ag an nasc seo: http://www.ohchr.org/EN/ProfessionalInterest/Pages/CRC.aspx

*Is iarrthóir PhD í* **Maria Corbett** *le Scoil an Dlí ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. D'oibrigh Maria le blianta fada mar Stiúrthóir Dlí agus Beartas leis an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí.*

ARTS IN EDUCATION
Na hEalaíona san Oideachas

Aiste arna Coimisiúnú ag Tairseach na nEalaíon san Oideachas, 2016